

ANAM BEO

TÍR GAN TEANGA TÍR GAN ANAM

Arna fhoilsiú ag Pobal Gaeilge na Bruiséile ar Lá Fhéile Eoin 2008

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 1

Baile Átha Cliath Cathair na hEolaíochta 2012?



C-D: A Shoilse an tAmbasadóir Ken Thompson, Dr. Patrick Cunningham, A Shoilse an tAmbasadóir Brian Nason

Thug an Dr. Patrick Cunningham, Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann cuairt ar an mBruiséil ar an 3 agus 4 Meitheamh. Tá Dr. Cunningham i gceannas ar an iarracht le Baile Átha Cliath a ainmniú mar “Cathair na hEolaíochta 2012”.

“Tá méadú suntasach tagtha ar thiomantas na hÉireann don eolaíocht agus d’fhorbairt eacnamaíocht eolais le blianta beaga anuas” a dúirt an tOllamh Cunningham. “Is cuí go mbeadh an t-ainmniúchán seo á lorg againn len é seo a léiriú. I 2010 beimid ag teacht i dtreo chríoch na straitéise d’Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) 2006-2013 agus thabharfadh an ócáid seo deis don chathair sárthaispeántas a dhéanamh den chuid is fearr d’eolaíocht agus de thaighde na hÉireann”.

Bhí an tAmbasadóir Brian Nason agus an tAmbasadóir Ken Thompson i láthair ag an ócáid chomh maith le hos cionn 200 duine ó phobal na hÉireann agus pobal eolaíochta na Bruiséile.

Seachtain na Gaeilge sa Bhruiséil

Mairéad Ní Oistín agus Micheál Ó Conchúir

Tháinig grúpa deonach le chéile sa Bhruiséil ag tús na bliana chun roinnt imeachtaí a eagrú le linn Sheachtain na Gaeilge 2008. D’éirigh leo clár leathan d’imeachtaí a chur le chéile agus d’éirigh thar barr leo ar fad.

Thosnaigh na himeachtaí Dé Céadaoin 5ú Márta le Ciorcal Comhrá san Old Oak, Rue Franklin ag a raibh thart ar 20 duine i láthair agus comhrá breá bríomhar ar siúl i nGaeilge ar feadh cúpla uair an chloig.

An oíche ina dhiaidh sin, Déardaoin bhí oíche chaidrimh cheoil agus chraice ar siúl in Ionad Comhdhála NASC ag Rond-Point Schuman. Bhí slua breá i láthair agus labhair an tAmbasadóir



Mícheál Ó Conchúir Cathaoirleach Phobal Gaeilge (ar chlé) agus A Shoilse an tAmbasadóir Bobby Mc Donagh ag caint le linn lainséail Sheachtain na Gaeilge

Brian Nason agus an tAmbasadóir Bobby Mc Donagh go paiteanta i nGaeilge. Chuir na ceoltóirí Michael Horgan, Gerry Murray agus Síomóin Ó Donnaile ceol iontach ar fáil agus thug na damhsóirí seite taispeántas breá - dar ndóigh bhí cúpla amhrán againn agus neart comhrá agus craic chomh maith! Is iad Úna Ní Chonchúir, Cathal Mac Gabhann, Seán Ó Riain, Mairéad Ní Oistín agus Micheál Ó Conchúir a d’eagraigh an ócáid seo.

Maidin Dé Sathairn 8ú Márta cuireadh ócáid Scéalta, Amhráin agus Ceol do Leanaí ar siúl i Halla Pharóiste Naomh Antaine i Kraainem. Bhí os cionn 20 páiste agus a gcuid tuismitheoirí i láthair ag an ócáid seo.

ar lean ar leathanach 5

Brollach leis an Athair John Kealy

Uachtarán Onórach Choláiste Schuman

Ní hé inniu ná inné a shiúil na hÉireannaigh talamh na Beilge den chéad uair agus teanga bhinn na Gaeilge á labhairt acu. Sa séú haois cheana bhí daoine mar *Fursa*, *Ultan* agus *Follain*, triúr deartháireacha agus manaigh, a bhunaigh mainistreacha sa réigiún seo. Tá *Follain* (tá beoir Bheilgeach “St.Feuillien” ainmnithe ina dhiaidh) curtha i Fosse-la-Ville cóngarach do Charleroi. Timpeall an ama chéanna tháinig *Daimhnit* go Geer in aice le hAntuairp. Sa 17ú haois, i 1607, tháinig scata Proinsiasach go Lováin. Scata eolaithe a bhí iontu, go mór mór sa Diagacht agus sa Stair. Ba bhocht í an staid in Éirinn ag an am agus thuig na bráithre go maith go raibh bia spioradálta ag teastáil go géar ó na daoine. Dá

bhrí sin, shocraigh siad leabhair spioradálta a scríobh - amanna le spreagadh polaitiúil measctha isteach tríd - agus freisin cuid de na húdair chlasaiceacha spioradálta a aistriú. Ach chinneadar ar chomhairle amháin antábachtach, is é sin teanga choitianta na ndaoine a úsáid in áit theanga chlasaiceach na litríochta agus na mbard. Is dá bharr sin a chumadar Gramadach don Nua-Ghaeilge i Lováin. Rinneadh caighdeánú freisin ar an litreoireacht chun clódóireacht a dhéanamh. Ba é **An Teagasc Críostaidhe** le Giolla Brighde Ó hEodhasa, bráthair i Lováin, an chéad leabhar a foilsíodh riamh sa Nua-Ghaeilge. In Antuairp a clóbhuaileadh an leabhar. Seo cuid bheag den nasc atá idir an Bheilg agus an Ghaeilge. Anois agus an Ghaeilge mar theanga oifigiúil oibre don Aontas Eorpach, tá agus beidh daoine léannta Gaeilge ag déanamh ar an mBeilg an athuair. Is cinnte go gcruthóidh sé seo Pobal bríomhar Gaeilge agus go mbeidh Coláiste Schuman mar fhréamh fhoghlamtha amach anseo. Tá an foilseachán seo Anam Beo mar chéad chéim chun an teanga a threisiú agus a shealbhú ní amháin anois ach leis na cianta le teacht. Le bunú Coláiste Schuman anois is cinnte go leanfaidh an nasc sin agus gan amhras tabharfaidh sé toradh ar mhaithe leis an teanga.



Ócáid de chuid Fhiontraíocht Éireann: C-D Sean O Neachtain CPE, Richard Bates

Beannachtaí ó Sheán Ó Neachtain, CPE

A Chairde

Ba ócáid mhór ó thaobh stádas na Gaeilge san Eoraip í a bheith aitheanta mar theanga oifigiúil san AE agus an ceart againn ár dteanga féin a úsáid inár gcuid oibre agus í a labhairt sa Pharlaimint, sa Chomhairle agus i gCoiste na Réigiúin.

Táim thar a bheith sásta tacaíocht a thabhairt d’aon fheachtas atá ar mhaithe le húsáid agus tuiscint na Gaeilge a chur chun cinn. Is maith an rud é gach eagrais a bhfuil ceangal acu le hÉirinn a thabhairt le chéile sa Bhruiséil leis an cheist seo a phlé. Coiscéim mhór í nuachtlitir a bheith i nGaeilge agus go n-éirí libh leis an Anam Beo.

An Bhruiséil abú' - Ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig agus ar Sheachtain na Gaeilge

Denis O Sullivan

Fadó fadó, sa mhílaois seo caite, thosaigh traidisiún deas i measc na nÉireannach sa Bhruiséil. Domhnach amháin timpeall an 17ú lá de Mhárta, chuaigh céad duine nó mar sin amach go *Overijse*, ceantar taobh amuigh den Bhruiséil (áit ina bhfuil Ionad Spóirt ag an AE) agus d'eagair siad féile spóirt. Ba iad imreoirí *FC Irlande* (socair) agus *Belgium GAA* (CLG na Beilge -peil agus iománaíocht) a rinne gach rud, le cabhair ó fhoireann ghaelach na bpáistí. Bhí ceol, caint agus craic ann ar feadh an lae, le ceapairí,



cácaí milse, beoir, uisce beatha agus fiú amháin "fíorchadal" ó Bhaile Átha Cliath ar fáil.

Ach an rud ab fhearr, bhí cluichí peile gaelacha agus iománaíocht sa pháirc do chách – idir pháistí agus dhaoine fásta, bhuaichillí agus chailíní. Tá an-chuid daoine nach n-imríonn peil ghaelach nó iománaíocht ach an uair amháin sin gach bliain. Bhí sé sin maith go leor – ach bhí sé amuigh in *Overijse*, agus mar sin ní thagadh ach na daoine a raibh a fhios acu faoi, agus gluaistean acu.

I mbliana bhí féile mór '*Bruxelles Capitale d'Europe*' le bheith ar siúl an deireadh seachtaine sin, agus dúirt na timirí gur mhian leo cluiche iománaíochta a bheith i bPáirc *Cinquantenaire*, i lár na cathrach. Seans mór ab ea é chun an spóirt is tapúla ar domhan a thaispeáint do dhaoine as gach tír ar domhan, ach níorbh fhéidir linn na spóirt in *Overijse* a bheith againn gan lucht na hiománaíochta. Céard ab fhéidir a dhéanamh faoi?

Bhí cruinniú práinne ag *FC Irlande* agus *CLG na Beilge*, agus ar deireadh shocraíomar an rud go léir (na cluichí, ceol, caint, craic agus araile...) a bhogadh ó *Overijse* go dtí an *Cinquantenaire*. Thagadh thart ar 100 Éireannaigh go *Overijse* gach bliain, ach bhí súil againn go dtiocfadh 500 go dtí an *Cinquantenaire*, chun na spóirt agus an chraic Éireannach a thaispeáint do chách, ní amháin d'Éireannaigh ach daoine ó chuile cearn den domhan.

Ba chúigear a rinne na heagrúcháin: Sharon agus Alan Norton, Adrian Hiel, Becky Mattes agus Conchúr de Barra. [Rud suimiúil: as an gcúigear, níl ach beirt Éireannach!! Sin an rud

iontach faoi *FC Irlande* agus *CLG na Beilge* – is clubanna idirnáisiúnta iad, le blas agus craic Éireannach] Bhí go leor le déanamh. Bhí bia le bheith ann (beárbaiciú a d'eagair an búistéir Jack O'Shea's – ní peileadóir é ach tá a chuid feola iontach!). Bhí beár le bheith ann – le Guinness "ón tap", "Celtic Cider" (a bhí mar urraitheoirí an-fhlaithiúil, in éineacht le hAmbasáid na hÉireann), bhí súgradh agus siamsa do na páistí óga, chomh maith leis na cluichí. Toisc nach raibh ann ach Páirc, gan áiseanna

ar bith, bhí orthu uisce úr, leithris agus cithfholcadáin a eagrú, pubaill a fháil agus daoine a fháil chun iad a chur suas... agus na cluichí chomh maith. Agus tar éis sin, bheadh oíche cheoil, dhamhsa agus scéalaíochta istigh in áit in aice leis an bpáirc. Ag deireadh an lae, ba mhaith an rud é go raibh sé seo laistigh, mar thosaigh sé ag greadadh báistí ag a sé a chlog.

Chumamar póstaear agus bhí siad le feiceáil i ngach beár agus áiteanna eile sa Bhruiséil. Bhí laithreán gréasáin againn fiú – www.paddysday.be !! Ná déanaigí dearmad air, beidh sé againn an bhliain seo chugainn!

Tháinig an lá, bhí sé ag cur fearthainne ar maidin, bhí uisce ar fud na páirce ach ní raibh an fheartainn róthrom. Bhí deichniúr againn ann ag cur suas an bheáir agus na bpuball agus na gcuailí báire, bhí gach duine ó *FC Irlande* agus *CLG na Beilge* ag cabhrú. Fíor "teamwork"!!

Bhí eagla orainn nach dtiocfadh aon duine de bharr na fearthainne ... ach ag a 12.00 tháinig an ghrian amach, agus thosaigh na daoine ag teacht agus ag teacht agus ag teacht... Daoine as Éirinn, as an mBhrúiséil, as gach aon tír. Bhí mé féin ag caint "beo" ar raidió ó Phrág. Bhí criú teilifíse as tír eile. Chuile dhuine ag ól, ag ithe, ag comhrá agus ag féachaint ar na cluichí. Lá don teaghlach ar fad.

Thosaigh cluiche peile na mbuaichillí agus na gcailíní ag a haon a chlog, bhí an leibhéal imeartha go maith, agus tar éis an chluiche



ar lean ar leathanach 4

ar lean ó leathanach a trí

bhronn Ambasadóir na hÉireann boinn orthu!!

Bhí scata mór den lucht féachana nach bhfaca sliotar ná camán riamh – bhí siad an-tógtha leis an iománaíocht agus na himreoirí – agus roinnt acu den tuairim go rabhamar go léir ar buile!!

Sa chluiche peile, bhí fir agus mná ó seacht nó ocht dtír ag imirt le taobh imreoirí na hÉireann.

Tháinig níos mó ná 1000 duine go dtí an pháirc. Óladh 6 bharrille Guinness, agus an méid céanna de *Celtic Cider* agus de bheoir eile. Ag leathuair tar éis a cúig, thosaigh sé ag stealladh báistí, ach níorbh fhadhb é, mar bhíomar réidh do chuid a dó den lá – Ceol, damhsa agus scéalta laistigh. Tháinig níos mó ná 1000 duine eile chuige sin. Chonaic

siad fiordhamhsa Gaelach (i bhfad níos fearr ná Riverdance !!) agus bhí seans damhsa a fhoghlaim chomh maith. Bhí grúpaí ag seinm ceoil agus ag canadh – bhí sé beartaithe againn an lá a chríochnú ag a naoi a chlog, ach bhí an oiread sin den chraic, den cheol agus den chanadh (na himreoirí ina measc - go h-olc!) agus bhí an beár sásta go leor leis an mbeoir a bhí á díol acu – mar sin tugadh cead dúinn fanacht go dtí a haondéag!

Bhíomar agus an dream a d'fhreastail ar an ócáid go léir an-sásta leis. Tá súil againn an rud céanna a dhéanamh i 2009 – agus gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh níos mó éilimh air de bharr rath na bliana seo. Ní amháin sin, beidh Ambasáid na hÉireann ag cabhrú linn, agus déanfaidh Fondúireacht Roi Baudouin urraíocht air!

Mas tá ceisteanna agat nó suim agat sacar, peil ghaelach nó iománaíocht a imirt, féach ar na suímh:

<http://www.fcirlande.be> agus

<http://www.belgiumgaa.com>



Mairéad Ní Oistín agus A Shoilse an tAmbasadóir Brian Nason Míde Nic Fhionnlaioich agus Fiach Mac Fhionnlaioich,

Litir dheaghuí ón Aire chuig Pobal na Gaeilge, Máistrí Sláintí agus Anam Beo.

Le cuidiú Valerie Ní Fhlaithearta.

Meitheamh 2008

Valerie, a chara,

Fáiltím go mór roimh an bhfeachtas go bhfuil tús curtha leis chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gceantar an Bhriséile. Seoladh 'Toastmaster' an Chladaigh ar an 21 Meitheamh 2008 agus anois tá nuachtlitir nua Gaeilge 'Anam Beo' á foilsiú don chead uair. Is cúis dóchais agus áthais dom an obair seo uilig. Ba maith liom comhghairdeachas a dhéanamh le Pobal Gaeilge na Bhriséile agus le gach éinne go bhfuil baint acu leis na tionscnaimh seo.

Ar ndóigh, is í an Bhruiséil lárionad an Aontais Eorpaigh agus tá pobal láidir Éireannach lonnaithe ann, go mór mór ón uair go ndeachaigh muid isteach san Aontas i 1973. Tá níos mó béime ná mar a bhí riamh cheana á leagan anois ar an nGaeilge i gcomhthéacs an Aontais, go hairithe ó tugadh stádas mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais don Ghaeilge le feidhm ó thus na bliana 2007. Tá a fhois agam go bhfuil go leor oibre ar siúl ag Pobal Gaeilge na Bhriséile chun lucht labhartha na Gaeilge sa Bhruiséil agus go deimhin i gceantar na Beilge trí chéile a tharraingt le chéile agus a eagrú, idir choistí, ghrúpaí neamhfhoirmiúla agus daoine aonair.

Tuigim go mbeidh lainseáil á déanamh go luath ar phróiseas comhairliúcháin le fail amach cad iad na struchtúir agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun an Ghaeilge a spreagadh, a shealbhú agus a chur chun cinn sa Bhruiséil agus go gcuirfear plean i bhfeidhm lena chinntiú go mbeadh rochtain ag daoine ar an nGaeilge, is cuma cé hiad nó cad as dóibh, agus go mbeadh an teanga lánach i measc phobal Gaeilge na Bhriséile. Tuigim chomh maith go leagann Pobal Gaeilge na Bhriséile an bhéim go hairithe ar an teanga bheo labhartha, cur chuige go n-aontaím go hiomlán leis.

Ar ndóigh, ní hé seo an t-aon tionscnamh Gaeilge atá curtha ar bun taobh amuigh d'Éirinn le roinnt blianta anuas. Tá an-fhorbairt déanta, mar shampla, ar mhúineadh na Gaeilge in ollscoileanna

agus i gcoláistí tríú leibhéal thar sáile. Tá maoiniú á chur ar fáil ó Chiste Gaeilge mo Roinne-se chun tacú le teagasc na Gaeilge i gcoláistí tríú leibhéal ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh.

Is dócha gurb é an rud is speisiúla atá ag baint leis an obair atá idir lámha ag Pobal Gaeilge na Bhriséile ná gur feachtas pobail é dírithe ar an nGaeilge ach áta ag tarlú thar lear, ar mhór-roinn na hEorpa. Tá go leor taithí againn sa mbaile ar thionscnaimh pobail chun an Ghailge a chaomhnú nó a chur chun cinn, sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht araon. Tá roinnt mhaith ceachtanna foghlamtha ó na feachtais sin thar na blianta. Níl aon amhras ach go mbíonn go leor eilimintí éagsúla ag teastáil le go mbeadh rath ar ghluaiseacht dá leithéid, go mór mór straitéis chomhaontaithe, ceannaireacht láidir, thiomanta, aontaithe, agus tacaíocht ón bpobal féin agus ó údarais sheachtracha.

Mar fhocal scoir, guím gach rath arís ar Phobal Gaeilge na Bhriséile agus ar bhur nuachtlitir nua 'Anam Beo'. Go n-éirí go geal libh san aimsir atá romhainn!

Le gach dea-ghuí

**Éamon Ó Cuív T.D.,
Aire Gnóthaí Pobail,
Tuaithe & Gaeltachta**



Éamon Ó Cuív T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ó leathanch a haon



Ag Ócáid le linn Sheachtain na Gaeilge: Ar chlé, Geraldine Byrne-Nason, Buanionadaíocht na hÉireann, agus ar dheis, Úna Ní Chonchúir, aistritheoir sa Chomhairle.

Chuir Antaine Ó Faracháin agus Mairéad Ní Oistín tús leis an ócáid le ceardlann amhránaíochta leis na páistí, ina dhiaidh sin bhí seisiún breá ceoil leis na ceoltóirí Mícheál Ó Briain, Síomón Ó Donnaile agus Gerry Murray agus thug gach páiste leabhar abhaile leo, a bhuíochas sin do Chló Iar-Chonnachta, Cló Mhaigh Eo, An Gúm agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Chuir Jack O' Shea's rollaí ispíní ar fáil agus an-tóir ag óg agus aosta orthu i ndiaidh na hócáide chomh maith leis na cístí beaga a rinne Sinéad.

Ón 10ú – 13ú Márta chuir Valerie Ní Fhlaithearta ranganna Gaeilge ar fáil in Ambasáid na hÉireann i Rue Wiertz, bhí an-tóir ar na ranganna sin agus Valerie molta go hard.

Bhí an tAifreann i nGaeilge ar siúl i bParóiste Naomh Antaine, Kraainem Dé Céadaoin an 12 Márta. Aifreann álainn Liam Lawton a bhí ann i mbliana agus bhí an-slua i láthair ag an ócáid bhliantúil seo.



Mícheál Ó Conchúir Cathaoirleach Phobal Gaeilge (ar chlé) agus A Shoilse an tAmbasadóir Brian Nason ag caint le linn lainseáil Sheachtain na Gaeilge

Cuireadh bailchríoch ar imeachtaí Sheachtain an Gaeilge sa Bhruiséil ar le léacht Mháistrí Sláintí an Chladaigh: "Caint ar dhúchas is ar stair na Gaeilge" leis an Dr Seán Ó Riain. Bhí an Quaker House, Cearnóg Ambiorix lán don chaint bhreá sin ó Sheán.

D'eirigh go breá le himeachtaí na bliana seo a bhuíochas sin do na daoine ar fad a rinne an obair eagrúcháin (tá a fhios agaibh féin cé sibh féin) chomh maith leis an fial-urraíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge mar aon leis na comhlachtaí foilsitheoireachta luaite thuas a chuir na leabhair ar fáil. Ní neart go cur le chéile!

Ag seinm ceoil: C-D Síomóin Ó Donnghaile, Michael Horgan, Gerry Murray


Ag Ócáid le linn Sheachtain na Gaeilge: C-D Donnacha Motháin O Buachalla, Míde Ní Shúil-leabháin, Claire Donlon agus Ronan Gingles



Óg-Radharc

Damhsa

Ciara Ní Riain



Ciara Ní Riain

Tá a lán saghasanna difriúla damhsa, ach is iad bailé agus damhsa snagcheoil na cinn is fearr liomsa. Tá bailé deacair dom ach fós bainim taitneamh as. Tá an ceol ceart go leor ach ní maith liom an ceol rómhór. Fuair mé bróga speisialta freisin chun dul ar barraicíní. Tá siad bándearg agus mín. Tá grá agam dul ar barraicíní. Bíonn mo chosa an-tinn ansin agus go dtí críoch an lae. Is maith liom damhsa snagcheoil mar tá grá agam don cheol agus bainim a lán spóirt as an damhsa. Tá an damhsa snagcheoil níos tapúla ná an bailé. Téim ag damhsa Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn. Sin trí uair an chloig gach seachtain. Lilian is ainm do mo mhúinteoir. Tá sí go deas ach tá sí fós docht. Is maith liom damhsa go mór.

Is mise Bríd Eileanór as Conamara Éirinn

Bríd Eileanór Ní Chonaill

Hi, is mise Bríd Eileanór Ní Chonaill as Conamara in Éirinn. Tá mé ceithre bliana déag d'aois. Os cionn bliain ó shin, fuair mé féin agus mo chlann amach go raibh muid ag bogadh go dtí an Bhruiséil. Ón tús cheap mé gur plean uafásach a bhí ann. Bhí mé trína chéile faoi ach tar éis coicise chuir mé an smaoineamh ar chúl mo chinn. Ag deireadh mhí Lúnasa, d'fhág muid Éire agus Conamara inár ndiaidh. Bhí mé féin agus mo dheirfiúr Niamh atá aon bhliain déag an-uaigheach agus bíonn fós. Airíonn muid uainn ár ngaolta agus cairde sa mbaile. Ba é ag tosnú ar scoil nua an pháirt ba mheasa den athrú. Sa Bhruiséil, táimid ag freastal ar Scoil Eorpach Uccle. Tá Niamh sa mbunscoil agus mise sa meánscoil. Tá 3500 dalta sa scoil seo. I gConamara, bhí muid ag freastal ar scoileanna a raibh 300 dalta iontu. Bhí orainn cleachtadh a fháil ar ár n-ábhair ar fad a dhéanamh trí Bhéarla, bhí sé seo cineál deacair ar dtús, go mór mór ag déanamh mata agus eolaíochta. Abhus anseo freisin tá go leor béime ar an bhFraincis mar tá muid dá déanamh mar dhara teanga sa scoil.

Ta an áit féin an-difriúil ón mbaile. Táimid inár gconai in Uccle gar don scoil. Is áit dheas í lán le crainnte ach níl an fharraige ann agus níl an tsaorise chéanna againn anseo sa chathair agus a bheadh againn i gConamara. Tá roinnt rudaí deasa ag baint le bheith anseo. Tá daoine as go leor tíortha difriúla i mo scoil. Tá cairde nua déanta agam. Is féidir taisteal chuig go leor áiteacha ar fud na hEorpa ón mBruiséil. B'fhéidir go bhfaighinn cleachtadh ar an áit seo fós!!



Bríd (ar chlé) lena deirfiúr Niamh

An Tíogar i mBaol?

Aisling Ní Riain



Grianghraf ag Valerie Ní Fhlaithearta

An bhfuil a fhios agat cé mhéad tíogar atá fágtha sa domhan? Ceapann an chuid is mó de na húdair nach bhfuil ach idir 7000 nó 5000. Ceaptar go bhfuil níos lú na 2500 tíogar fásta sa nadúr. Timpeall céad bliain ó shin bhí 100,000 tíogar ann. Conas a tharla sé sin? Cad ina thaobh gur thit sé chomh tapaigh leis sin? Bhí naoi bhfospeiceas ann uair amháin. Ach d'éirigh an tíogar Bali, an tíogar Iávach agus an tíogar Caispeach díobhaí. Tá freisin níos mó suime ag na daoine sa líogar (a thagann ó chrosphóru idir an leon is an tíogar) agus an tíogar bán. Sin botún mór mar níl siadsan nadúrtha in aon chor agus ba cheart dúinn níos mó suime a chur

sna 6 fhospeiceas dheireanacha mar tá siadsan i mbaol. Seo iad na huimhreacha atá fágtha:

Tíogar na Beangáile: níos lú na 2000

An Tíogar Ind-Síneach: idir 1200 agus 1800

An Tíogar Malaech: idir 600 agus 800

An Tíogar Sumatrach: idir 400 agus 500

An Tíogar Amúrach (sa tSibéir): idir 400 agus 550

Tíogar na Síne Theas: díobhaí sa nadúr; 59 i zúnna

Tá sé sin an-dona. Cailleann an tíogar a ghnáthóg gach lá agus maraítear a lán tíogar beagnach gach lá mar gheall ar a fhionnadh agus a chorp a usáid sa leigheas traidisúnta.

Ach níl gach rud cailte. Sna 1940aí ní raibh ach 40 tíogar Amúrach ann agus inniu tá sé suas go dtí 550 leis an gcabhair a thug duine chun an tsealgaireacht a stopadh. Freisin i deisceart na hAfraice tá feirm ag na Síneigh chun tíogar na Síne Theas a chur sa nadúr arís, agus a chur ar ais sa tSín féin i 2008 ag an am céanna leis na cluichí Oilimpeacha in Beijing. Mar sin táimid ag déanamh rud éigin chun an tíogar a shabháil ach tá níos mó daoine fós ann a mharaíonn iad. Is gá duinn níos mó daoine a fháil chun cabhrú linn. Sin éan t-aon bhealach amháin chun an tíogar a shabháil. Sula n-éireoidh an t-ainmhi álainn seo díobhaí.



Aisling Ní Riain

Mar sin, cad a dhéanfaidh tú féin anois?

Seitrinceoirí na Bruiséile i Lucsamburg

Cora de Paor



Ar an 30 Bealtaine chuaigh seitrinceoirí na Bruiséile go dtí Ard-Diúcacht Lucsamburg le haghaidh dheireadh seachtaine bríomhar seitrince arna eagrú ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Ba iad Pat Murphy and Tony Ryan, beirt mhúinteoirí ionsparáideacha a mhúin an grúpa. Tháinig rinceoirí díograiseacha ó chian agus ó chongar, an Bhruiséil agus Antuairp san áireamh.

Bhí beirt cheoltóirí cumasacha ag seinm - Colin McGill and James Hogan – ag an dá chéilí. Bhí atmasféar iontach oíche Dé Sathair nuair a bhí naoi nó deich gcinn de seiteanna amuigh ar an úrlár. D'fhoghlaim na rinceoirí seiteanna nua – seit Cholm Cille, seit Fhear Manach, seit Dhoire chomh maith le seit an Ghleanna Dhuibh. Múineadh seit nua-chumtha, seit Chearnóg Aontrama a thaitin thar barr leis na rinceoirí. Dhírigh na rinceoirí ar an teach tábhairne ina dhiadh sin agus chan Hugh leagan an-ghreannmhar de Phil the Fluter's Ball agus chan Marie-Thérèse port álainn dúinn.

Más seitrinceoir tú nó duine a rinne seitrince tráth, bí linn oíche Déardaoin do na seisiúin ag 1 Rue Montoyer (19h30). Tá siad eagraithe go maith, dírithe ar sheit nua a fhoghlaim sa chéad chuid den tráthnóna agus 5 nó 6 sheit thraidisiúnta á gcleachtadh san am atá fágtha. Tapaigh an deis agus bainfidh tú an-taitneamh as!

Beannachtaí croíúla ó phobal na Gaeilge i Lucsamburg

Tréaslaíonn Cumann Gaelach Lucsamburg le Máistrí Sláintí an Chladaigh ar ócáid a sheolta sa Bhruiséil. Buaníodh Cumann Gaelach Lucsamburg i 2005 d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn i ndúiche Ard-Diúcacht Lucsamburg. Is cúis áthais dúinn ar fad i Lucsamburg é go bhfuil gluaiseacht na Gaeilge ag bailiu nirt i gceannchathair an Aontais Eorpaigh agus guímid an rath agus an séan is dual dóibh ar ár gcomhGhaeilgeoirí sa Bhruiséil agus sa Bheilg tré chéile. Bail ó Dhia ar an obair!

Oilibhéar Ó Braonáin

Uachtarán Chumann Gaelach Lucsamburg

Cláraigh le Club na hÉireann sa Bheilg

Mura bhfuil tú fós i do bhall, cláraigh le Club na hÉireann sa Bheilg: Comhlánaigh an fhoirm iarratais ar líne ar www.irishclub.be.

The Irish Club of Belgium: promoting Ireland in Belgium and serving the Irish-Belgian Community.

EUR 20 atá ar bhallaíocht aonair agus EUR 30 atá ar bhallaíocht teaghlaigh. Má tá aon cheisteanna nó aon bharúlacha agat, déan teagmháil linn:

Join the Irish Club of Belgium Not yet a member? join the Irish Club of Belgium: Individual membership costs €20 and family membership costs €30.

Teil: +32 (0)487 736195

Facs: +32(0)2 74227838

Ríomhphost: info@irishclub.be

ICB Acc: C: 310- 1486500-61



Cúrsaí Gaeilge ar-líne

Mairéad Ní Oistín

Dóibh siúd a bhfuil spéis acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge beidh roinnt cúrsaí Gaeilge ar-líne ar fáil go luath ar www.ranganna.com

Tá na cúrsaí seo á gcur ar fáil ag Gaelchultúr agus is é an chéad chúrsa a bheidh ar fáil ar an suíomh www.ranganna.com ná an Cúrsa Cruinnis. Is é Éamonn Ó Dónaill, duine de bhunaitheoirí an chomhlachta Gaelchultúr (www.gaelchultur.com), a scríobh ábhar an chúrsa seo

Beidh an cúrsa seo oiriúnach dóibh siúd a bhfuil caighdeán maith Gaeilge labhartha acu ach a dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid gramadaí agus go leor focal agus frásaí nua a fhoghlaim. Cuirfear dhá rogha ar fáil:

Rogha A

Staidéar le múinteoir

12 sheachtain

Clárú do chúrsa ar feadh dhá sheachtain déag. Beidh fáil agat ar ábhar an chúrsa Cruinneas sa Ghaeilge ar feadh 100 uair an chloig ar fad le linn na tréimhse sin ach beidh fáil agat freisin ar fhíseán de rang cruinnis gach seachtain. Lena chois sin, cuirfear múinteoir ar fáil duit agus beidh deis agat obair

bhaile a sheoladh chuige gach seachtain, aiseolas a fháil agus ceisteanna a chur. Táille: €240

nó

Rogha B

Staidéar neamhspleách

12 sheachtain

Clárú don chúrsa ar feadh dhá sheachtain déag. Beidh fáil agat ar ábhar an chúrsa Cruinneas sa Ghaeilge ar feadh 100 uair an chloig ar fad le linn na tréimhse sin.

Táille: €120

Gramadach Gan Stró!

Beidh leabhar nua Éamonn Uí Dhónaill, Gramadach gan Stró! ar díol ar shuíomh Gaelchultúir www.gaelchultur.com go luath. Tá tuilleadh eolais le fáil ach scríobh chuig eolas@gaelchultur.com

Tá Rosetta Stone ar thús cadhnaíochta maidir le bogearraí a úsáid i múineadh teangacha. Lainseáladh an chéad Chlár Gaeilge dá chuid, Eagrán Pearsanta Leagan 3, in Earrach na bliana seo. Is féidir teacht ar thaispeántas cuimsitheach ar tháirgí Rosetta Stone ag www.RosettaStone.com.

Smaointe

Smaointe faoin mBhrúiséal

Mairéad Ní Oistín

Tháinig mé anseo le dul ag obair in oifig NASC dhá bhliain ó shin. Tá oifig NASC NASC (WEST Ireland Partnership), faoi stiúir John Bennett anseo sa Bhrúiséal ó 1992. Is páirtnéireacht í de na comhairlí contae ar chósta thiar na hÉireann a bhfuil Gaeltachtaí iontu, is iad sin Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh, chomh maith le Comhairle Cathrach na



Mairéad Ní Oistín Éanna (fear céile), Fíach & Míde Mac Fhionnlaíoch

Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Údarás Réigiúnach an Iarthair. Déanann oifig NASC sa Bhrúiséal forbairt ar nascanna na páirtnéireachta leis na hinstiúidí Eorpacha; eolas a chur ar fáil go rialta do na páirtnéirí faoi pholasaithe agus faoi chláracha an AE chomh maith le deis a thabhairt do bhaill agus d'oifigigh ó na

páirtnéirí freastal ar chláracha eolais ina bhfuil siad in ann plé go díreach le hoifigigh ón gCoimisiúin, ó Bhuánionadaíocht na hÉireann agus le Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa. Go minic ní thuigtear an dea-obair atá ar siúl ag na daoine sin ar fad nó go gcastar leo!

Tríd is tríd, is taithí an-dearfach a bhí ann dom féin agus do mo chlann, m'fhear céile Éanna, ár mac Fíach agus ár n-iníon Míde teacht agus tréimhse a chaitheamh anseo sa Bhrúiséal. Athrú mór a bhí ann do na páistí teacht ó scoil bheag Ghaeltachta sa Trá Bháin i gConamara chuig scoil Frainciseoirí sa Bhrúiséal, ach d'éirigh thar cionn leo agus tá Fraincis anois ar a dtail acu - a bhuíochas sin don tumoideachas agus do mhúinteoirí École Préparatoire Émile Jacquain.


Bhain muid ar fad an-taitneamh as an tréimhse atá caithe againn anseo agus is cinnte go bhfuil dearcadh éagsúil againn ar an mBhrúiséal anois ná mar a bhí sular tháinig muid. Chuir sé iontas orainn an méid crainnte atá anseo agus bhí an t-ádh dearg linn a bheith inár gcónaí gar don Pháirc Cinquenaire. Is dócha gurb iad na cuimhní is mó a bheidh againn ná ar na músaem iontacha – go háirithe an MIM, an Músaem Afracach agus Músaem na n-ainmhithe (is fiú go mór na díneasair a fheiceáil). Aireoidh muid uainn na “gaufres”, na “frites”, an tseacláid agus an bheoir, chomh maith leis na margáí áitiúla, go háirithe Place Jourdan maidin Dé Domhnaigh. Mar sin féin, beidh sé go hálainn filleadh ar Chonamara, agus ar an bhfarraige!

Cuimhní cinn ar mo thréimhse sa Bhrúiséal!

Majella O' Dea

D'fhill mise ar Éirinn anuraidh, tar éis dom ceithre bliana iontacha a chaitheamh sa Bhrúiséal, i gcoilár na Beilge agus i gcoilár an Aontais Eorpaigh dar ndóigh!

Is iomaí cuimhne cinn taitneamhach atá agam faoi mo thréimhse sa Bhrúiséal. Is cathair ildánach í a mheallann saoránaigh ó thíortha an domhain mhóir, agus go háirithe ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. B'iontach an taithí é a bheith ag éisteacht leis na teangacha agus na canúintí éagsúla a bhíodh le cloisteáil timpeall ar Thimpeallán Schuman, a scarann foirgneamh an Berlaymont agus foirgnimh na Parlaiminte.



Majella O' Dea

Ólann muintir na Beilge caife breá láidir, agus b'aoibhinn liom é a ól mé féin agus píosa seacláide ar ardchaighdeán a shleamhnú siar freisin, gan dabht!

Deirtear go minic nach cathair álainn í an Bhrúiséal, ach ní fhéadfainn teacht leis an mbreithiúnas san olc ná maith. Smaoiním go minic ar an maorgacht a bhaineann le Place Luxembourg, Place Chatelain, Place St. Géry, Place Jourdan agus gan dabht Grand Place i lár na cathrach. Láithreacha iontacha iad uile más maith leat suí ar do shuaimhneas le cupán caife agus an saol agus na daoine a fhaire ag teacht agus ag imeacht!

Bean mhór siopadóireachta mise agus bhíos tógtha go mór leis na siopaí éadaigh mar an 'DOD' agus gan dabht leis na margáí breátha a bhíodh ar siúl in Place Chatelain, in Flagey, in Jeu du Bal agus in Gare du Midi. Ba leathscéal iontach é domsa béile 'Frites' a ithe agus mé i mbun siopadóireachta ag margadh Place Jourdan gach maidin Domhnaigh – na sceallóga is blasta sa domhan geallaim duit!

Is dream mór féiltí pobail iad muintir na Bhrúiséile agus bhíodh an-chraic go deo ag baint leo. Bhíodh an-bhéim ar an teaghlach le linn na bhféiltí uile, agus ní cuimhin liom riamh béim ar an ólachán a fheiscint, rud a thaitin go mór liom.

Is buntáiste iontach don taistealaí é a bheith lonnaithe sa Bhrúiséal, toisc go bhfuil sé thar a bheith éasca taisteal go tíortha eile ar fud na mór-roinne, rud a rinne mé go minic. Tá sé thar a bheith éasca do bhealach a dhéanamh timpeall na cathrach féin freisin toisc go bhfuil córas iompair phoiblí don scoth ann. Admháim go mbraithim uaim é sin go mór nuair a bhím ag sracadh le trácht Bhleá Cliath anseo sa mbaile! Más féarr leat dul thart de shiúl na gcos, tá sé éasca san a dhéanamh freisin, agus a mhac go deo dá bhfeicfeá na páirceanna breátha atá sa chathair ársa seo – Parc Cinquenaire agus Bois de la Cambre ina measc – neamh ar talamh ceart iad i mo thuairimse!

Níl luaite anseo agam ach blaiseadh beag de na nithe a chuaigh i bhfeidhm orm agus mé sa Bhrúiséal. Rinne mé cairde iontacha agus mé i mbun oibre i Buanionadaíocht na hÉireann ar feadh ceithre bliana. Táim fós i dteagmháil le go leor acu agus beidh go deo. Tá taithí saoil coitianta eadrainn anois, taithí nach ndeanfaimid dearmad uirthi go brách. Táim buíoch as ucht na tréimhse a chaitheas i gcoilár na hEorpa.

Gura fada buan an Bhrúiséal uasal.

Críoch

Ról láidir don Ghaeilge san AE

10ú Meith. 2008

Fáiltíonn Ó Cuív roimh sheoladh an Ghréasáin chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn sa Bhruiséil Cuireann Éamon Ó Cuív T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, fáilte roimh sheoladh an ghréasáin chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn. Is é an Coimisinéir, Leonard Orban, atá freagrach as an Ilteangachas sa Choimisiún Eorpach, a sheol an Gréasán sa Bhruiséil, Dé Céadaoin, 11 Meitheamh.

Tá Éire ar cheann de bhaill bhunaithe an Ghréasáin, a bhfuil sé mar aidhm aige comhoibriú praiticiúil a chur chun cinn idir na teangacha beaga náisiúnta, na teangacha réigiúnacha agus na mionteangacha san Eoraip.

Tá sé mar chuspóir aige freisin an tionchar atá ag na teangacha seo ar oidhreacht chultúrtha agus ar éagsúlacht theangeolaíoch na hEorpa ar fad a chothú. Cuireann stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an AE deiseanna ar fáil maidir le malartuithe comhleasmhara agus comhoibriú le teangacha beaga náisiúnta eile an AE.

Bíonn na dúshlán chéanna le sárú acu sin go minic ó thaobh pearsanra agus acmhainní eile a sholáthar chun riachtanais Institiúidí an AE a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm an stádais seo. 'Is gné é an Gréasán seo freisin den chaidreamh dearfach oibre atá forbartha idir mo Roinnse agus Comhrialtas na Breataine Bige agus Bord na Breataine ach go háirithe, laistigh de shraith teanga Chomhairle na Breataine-na hÉireann. Chuir sé an-áthas orm glacadh leis an gcuireadh seo ó Chomhrialtas na Breataine Bige chun bheith páirteach leo i mbunú an Ghréasáin seo.



Éamon Ó Cuív T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

'Is fianaise shoiléir é ár rannpháirteachas sa nGréasán seo, stádas oifigiúil agus oibre na Gaeilge ag leibhéal an AE ón 1 Eanáir 2007 agus an méadú suntasach atá tagtha ar mhúineadh na Gaeilge ag leibhéal ollscoile ar fud na hEorpa (tá 27 ollscoil Eorpach ag fáil cúnamh airgid ó Rialtas na hÉireann chun an Ghaeilge a mhúineadh) den mheas mhór atá ar ár dteanga náisiúnta agus an luach cultúrtha a bhaineann léi san Eoraip.

Tá mo Roinnse ag obair i láthair na huair ar Straitéis 20 Bliain a fhorbairt don Ghaeilge. Tarraingeoidh an Straitéis seo na gnéithe ar fad le chéile den mhéid atá á dhéanamh, agus atá fós le déanamh, chun todhchaí na teanga a chinntiú. Chuir muid críoch le déanaí le sraith cruinnithe poiblí a thug deis don phobal a gcuid tuairimí a thabhairt ar an Straitéis. Is í an chéad chéim eile anois ná achoimre a chur le chéile ar na saincheistanna a tháinig chun cinn agus ar na gníomhartha a d'fhéadfaí a thógáil ionas gur féidir breis plé poiblí a dhéanamh air seo san fhómhar.

Beidh an Straitéis críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Rialtais roimh dheireadh na bliana



Leonard Orban
Coimisinéir AE don Ilteangachas



An t-ilteangachas i gcroílár ár dtionscadail Eorpaigh - Orban

"I mo thuairimse, tá an t-ilteangachas i gcroílár ár dtionscadail Eorpaigh: scáthán ar ár gcultúr is ar ár bhféiniúlachtaí éagsúla is ea ár dteangacha, agus, san am céanna, cuireann siad ar ár gcumas a chéile a thuiscint. Is fusa a imeascann saoránaigh Eorpacha i dtíortha eile, don staidéar nó don obair, agus is fusa a rochtain ar chultúir eile, má bhíonn teangacha éagsúla acu"

Leonard Orban
Meán Fómhair 24, 2007

Léirmheas le Donncha O Riain ar leabhar

“Is í an fhadhb a bhaineann leis an gcuid is mó de na leabhair a bhíonn in ainm is a bheith ag cur síos ar an dea-scríbhneoireacht go mbíonn caighdeán íseal scríbhneoireachta iontu toisc gur ar úsáid na teanga a dhíríonn siad seachas ar bhuneilimintí na scríbhneoireachta í féin,” a deir Philip Yaffe.

Iar-scríbhneoir don Wall Street Journal is ea Phil, agus is ball gníomhach de Mháistrí Sláintí an Chladaigh é. Bíonn sé i mbun cúrsaí a mhúineadh, ar an mórgóir, do dhaoine nach bhfuil Béarla ó dhúchas acu, agus reáchtálann sé ceardlanna scríbhneoireachta aon lae freisin ar an dea-scríbhneoireacht. Cuireann sé ceardlanna scríbhneoireachta ar fáil, leis, do Mháistrí Sláintí an Chladaigh (an chéad cheardlann eile an 30 Deireadh Fómhair). De bhrí gur cur chuige bunúsach, seachas cur chuige atá srianta ó thaobh teanga, a bhíonn in úsáid aige, is furasta a chuid smaointe agus a chuid prionsabal a chur i bhfeidhm ar scríobh agus ar labhairt na Gaeilge, na Fraincise, na Gearmáinise nó i gcás teanga ar bith.

In the “I” of the storm: the Simple Secrets of Writing & Speaking (Almost like a Professional) is teideal don leabhar is deireanaí dá chuid a foilsíodh. Agus an leabhar sin á mheas ba é an tuairim a nochtadh ina thaobh go raibh sé teagascach ó bhonn agus go raibh sult ina orlaí tríd. Is féidir an leabhar



Ag Ócáid le linn Sheachtain na Gaeilge Éireann: C-D: Donncha O Riain, Denis Vaughan Buckley agus Seán O Riain

a fháil ón bhfoilsitheoir in Ghent (storypublishers.be) agus Amazon (amazon.com). Tig le rannpháirtithe sa cheardlann an 30 Deireadh Fómhair (atá ar oscailt do chách) an leabhar a cheannach ar EUR 19 seachas EUR 23.85 móide EUR 2.5 de chostas poist.



Comhghairdeas le Khushboo Garg, Leasuachtarán Oideachais Mháistrí an Chladaigh sa Bhrúiséal a phós Kamalaksa Pai le déanaí.

Múineadh na Gaeilge – feabhsú?

Seán O Riain

De réir thaighde an Dr John Harris, a foilsíodh i 1984 agus 2006, ní éiríonn ach le thart ar 30% de dhaltáí scoile i mbunscoileanna ‘Béarla’ na hÉireann na spriocanna sa Ghaeilge a bhaint amach, rud a chiallaíonn gur teip a bhíonn mar thoradh ar 12 bhliain staidéir teanga do 70% dár ndaltaí. Cuireann an



Seán O Riain

teip sé ina luí orthu nach bhfuil éirim acu chun teangacha a fhoghlaim, ionas gur beag iarracht a dhéanannabhfórmhór chun máistreacht a fháil ar aon teanga eile. Conas an fáinne fí seo a bhriseadh? An bhféadfadh teanga eile cabhrú?

Glacann teangeolaithe leis go gcabhraíonn aon dara teanga a foghlaimíodh go maith le foghlaim an tríú teanga. Rinneadh pointe spéisiúil faoin ábhar anseo i dtuairisc ó Roinn Oideachais na Fionnlainne i 1984:

tairbhe a bhain daltaí as an réamhchúrsa Esperanto. Rud a tharraingíonn ár n-aird ar an 70% de dhaltáí scoile na hÉireann nach bhfuil ag éirí leo Gaeilge a fhoghlaim sa chóras don élite atá againn faoi láthair, agus nach miste é a dhéanamh níos daonlathaí, chun seans a thabhairt don tromlach. Agus tá an smaoineamh ag dul chun cinn: Ag comhdháil oideachais Chonradh na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide i 2006 tháinig an moladh seo ón Dr. Eoghan Mac Éinrí, Ceannasaí an Ionaid Eolais faoi mhúineadh na dTeangacha in Ollscoil Bhéal Feirste: “Mholfainnse féin mar smaoineamh, Gaeilge agus Béarla sa bhunscoil, agus, nuair is féidir é, Esperanto mar thríú teanga, sa dóigh is go mbeidh réamhullmhúchán foghlama teanga fóirsteanach ag na daltaí.”

Tugann Corsetti agus La Torre 2001 an-chuid tagairtí do thurgnaimh faoin ábhar seo ar fud an domhain ó 1921 ar aghaidh. B’ionann toradh dóibh uile. Agus an fáth atá leis seo? Misníonn rialtacht Esperanto agus a heaspa eisceachtaí foghlaimeoirí, go háirithe an 70% nach bhfuil éirim ar leith acu d’fhoghlaim teangacha. Cothaíonn an dul chun cinn tapa in Esperanto, agus an úsáid phraiticiúil sa chomhfhreagras, ar an idirlíon, srl., spéis i dteangacha eile agus teagmháil dhíreach le lucht a labhartha. Tá breis eolais faoin ábhar seo, maille le liosta iomlán tagairtí, le léamh ag www.seanorian.eu agus eolas faoi thionscadal spéisiúil i Sasana, ina bhfuil ceithre bhunscoil ag glacadh páirte, ag www.springboard2languages.org.

“Taispeánann torthaí turgnamh múinteoireachta go gcuireann réamhchúrsa Esperanto feabhas suntasach ar dhul chun cinn na mac léinn i bhfoghlaim teangacha iasachta.”

Thacaigh taighde ó Dhámh na Cibirneitice d’Ollscoil Paderborn sa Ghearmáin sna seachtóidí leis seo: i dturgnamh amháin múineadh Béarla do ghrúpa A ar feadh 800 uair an chloig thar 5 bliana, múineadh Esperanto do ghrúpa B ar feadh 104 uair an chloig, agus níor ghá do ghrúpa B ach 635 uair an chloig Béarla chun caighdeán Béarla ghrúpa A a shroicheadh, .i. cumas maith bainte amach sa dá theanga, agus 61 uair an chloig “sábháilte”! Agus an toradh is suimiúla: dá ísle a gcumas teanga-fhoghlamtha, is amhlaidh is mó an

Leabharliosta

Corsetti, R. agus La Torre, M. (2001) *Ĉu klara strukturo estas instrua?* (An gcabhraíonn struchtúr

soiléir leis an múineadh?), in Schubert 2001: 179-202.

Schubert, K. (eag.) (2001) *Planned Languages – From Concept to Reality*. An Bhruiséil: VLEKHO.

Tá a lán cúrsaí Esperanto saor in aisce ar an Idirlíon – ceann acu ag www.lernu.net, agus

foilsíodh an chéad chúrsa Esperanto as Gaeilge i 2007 (eolas ag http://www.litriocht.com/shop/product_info.php?manufacturers_id=&products_id=5060&osCsid=aab55bfabe559af5c44f1e7d663ff4fb).

Ceilúradh ar 35 bliain de dhul chun sinn san Eoraip is ea Anam Beo

Jim Higgins CPE



Jim Higgins (ar chlé) ag caint le hiascaire in iarthar na hÉireann

Is maith linn go bhfuil foilseachán “Anam Beo” ar an bhfód. Ceann de na hargóintí a cuireadh ar aghaidh sa díospóireacht agus sinn ag druidim leis an Reifreann maidir le hiontráil na hÉireann isteach go dtí an tAontas Eorpach go gcaillfimis ár bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha agus go mbeadh deireadh leis an nGaeilge, a bhí ag dul in éag ag an am. Tar éis di a bheith mar bhall den AE ar feadh 35 bliain, ní hamháin nach bhfuil deireadh lenár bhféiniúlacht ach go bhfuil borradh faoi ámhánaíocht, rince agus litríocht na hÉireann agus tá úsáid na Gaeilge ag dul i dtreis chomh maith. I dtaobh na teanga, níl le déanamh ach féachaint ar an éileamh atá ar Ghaelscoileanna, ar a fheabhas atá ag éirí le Raidió na Gaeltachta agus ar an líon méadaithe daoine a fhéachann ar TG4 go rialta. Is clochmhíle eile í don Ghaeilge an t-aitheantas a fuair sí mar

theanga oifigiúil oibre den AE. Nuair a labhraím i nGaeilge i bParlaimint na hEorpa, is cúis bhróid dom go bhfuil an méid atá á rá agam á aistriú ar an bpointe go fiche teanga eile. Is céim chun cinn eile é seoladh “Anam Beo” agus gabhaim gach rath ar an nuachtán nua.

Pobal Gaeilge

Tá Pobal Gaeilge na Bruiséile tar éis próiseas comhairliúcháin a thionscnamh faoi na struchtúir is fearr a mhisneoidh úsáid na Gaeilge mar theanga bheo sa Bheilg. Má tá Gaeilge agat nó más suim leat an teanga, cláraigh, le do thoil, le: pobal.gaeilge.na.bruiseile@gmail.com

Anam Beo

Nuachtlitir agus Iris Liteartha

Ainm beo is ainm don chéad nuachtán Gaeilge sa Bhruiséil. Is é "Tír gan teanga tír gan anam" is bun le hainm an nuachtáin nuasheolta. Ba é an tírghráthóir Éireannach, Tomás Dáibhis, a rugadh i Magh Eala a chum an ráiteas iomráiteach sin a d'fhág rian dóite ar aigne na nglúnta ina dhiaidh. Is é Pobal labhartha na Gaeilge ainm beo ár dteanga náisiúnta a dtugann an tAontas Eorpach comhstádas di leis na 22 teanga eile dá chuid; agus is cruthúnas é Anam Beo air sin.

Beidh eagarthóirí bainistíochta éagsúla ag uainíocht ar a chéile amach anseo. Meastar go bhfoilseofar an nuachtán seacht n-uaire sa bhliain ó 2009 ar aghaidh a fhreagróidh do phríomhfhéilte na bliana Gaelaí agus Ceiltí, mar atá, Imbolc (Lá 'le Bríde), Lá 'le Pádraig, Bealtaine, Lá Fhéile Eoin, Lúnasa, Samhain, Nollaig. Tá sé beartaithe againn an chéad iris liteartha bhliantúil a fhoilsiú i Márta 2009 ag tús Sheachtain na Gaeilge. Más maith leat cabhrú leis an bhfoireann eagarthóireachta nó alt a scríobh don iris, déan teagmháil linn ag anam.beo@gmail.com

Coláiste Schuman – "institiúid an bhriathair bheo" - is ainm don choláiste nua ar cuspóir dó ranganna Gaeilge, ranganna ar líne, cúrsaí ceoil is ar dhamhsaí Gaelacha a chur ar fáil sa Bhruiséil. Ranganna do thosaitheoirí, Meán Fómhair (mionsonraithe níos déanaí). Más mian leat páirt a ghlacadh sna ranganna, nó iad a mhúineadh, seo an teagmháil duit: : colaiste.schuman@gmail.com

MÁISTRÍ SLÁINTÍ an Chladaigh

Cabhraíonn Club Máistrí Sláintí an Chladaigh chun do scileanna sa chaint phoiblí, sa phleanáil, san oiliúint agus sa bhainistíocht a fhorbairt. Déan teagmháil le Maureen Delaney ag claddagh.toastmasters@gmail.com

Pobal Gaeilge the Irish speaking Community in Brussel have launched the consultation process on what structures to put in place to encourage the use of Irish as a living language in Belgium. If you can speak or have an interest in the Irish language and culture please register with: pobal.gaeilge.na.bruiseile@gmail.com

Anam Beo

News Letter and Literary Journal

"Anam Beo" is the first Irish language newspaper in Brussels. The name Anam Beo is derived from a famous quotation "A country without its language is a country with out its soul" from Thomas Davis, the Mallow born Irish Patriot. The Irish speaking Community in Brussels are now the living soul for our European Union recognised national language and Anam Beo serves as a testament to this.

It will have a rotating managing editor. It is envisaged that it will be published seven times a year from 2009 to coincide with the Irish and Celtic Feasts. (Saint Brigids Day, Saint Patricks Day, May Day, Mid Summers Day, 1 August, Halloween and Christmas). It is planned to publish the first annual literary journal in March 2009 at the opening the Irish language week. If you would like to help the editorial team or write an article contact: anam.beo@gmail.com

Coláiste Schuman – "Institute for the spoken word" - is the name to the new college charged with the task to provide in-house classes and promote on-line distance learning in language, music and dance in Brussels. Beginners Classes, September, (details later). If you would like to participate in classes or teach in these subjects. contact: colaiste.schuman@gmail.com

Claddagh Toastmasters which helps you to develop your skills in public speaking, planning, training and managing. For further details, contact Maureen Delaney at claddagh.toastmasters@gmail.com

Anam Beo

Eagarthóir Bainistíochta

Donnacha Motháin O Buachalla

Foireann eagarthóireachta

Cora de Paor

Seán O Riain

Valerie Ní Fhlaithearta

An t-Athair Seán O Cadhla

Mairéad Ní Oistín

Micheál Ó Conchúir

Donncha O Riain

Pol O Muireasain

Foireann Seirbhísí tacaíochta

Maureen Delaney

Suzanne O Riain

Jennifer Collins

Ioan Paraian

Petra Zollner

Joan Murray

Randa Moran

Ann Douglas

Seán Murphy

Bonnie Crosbie

Alfred Lowey Ball



Rachel Chapman (D) agus Stephanie Moran (C), baill den fhoireann a dhear is a leag amach Anam Beo, ag an damhsa ar ócáid bhronadh a gcéim-anna ag Óstán an Metropole, an Bhruiséil.

Foireann Theicniúil agus leagain amach

Rachel Chapman

Stephanie Moran



“Ba mhaith liom mo mhíle comhghairdeas a chur chuig Club Máistrí Sláintí an Chladaigh ar ócáid bhronnta na cairte air. Seo an chéad chlub de Mháistrí Sláintí a úsáideann an Ghaeilge sa Bhruiséil, agus, dáiríre, seo an chéad chlub dátheangach de Mháistrí Sláintí inár gcathair. Agus a gradam AE nua ag an nGaeilge anois, is cúí gur mó a bhainfeadh an pobal Éireanach is a gcairde sa Bhruiséil feidhm as an teanga, is cabhróidh Máistrí Sláintí leis sin. Guím gach rath ar an gClub.”

Cathal Mac Riabhaigh



Cuireadh

**Claddagh TOASTMASTERS Bilingual
CLUB OF BRUSSELS
MÁISTRÍ SLÁINTÍ an Chladaigh –
Club Dátheangach na Bruiséile**
Cabhraíonn Club Máistrí Sláintí an Chladaigh chun do scileanna sa chaint phoiblí, sa phleanáil, san oiliúint agus sa bhainistíocht a fhorbairt. Sa Quaker House, Square Ambiorix 50, 1000 An Bhruiséil (Métro Schuman) a thagann an club le chéile. Caife/fáilte ar 18.45.
Is féidir dátaí cruinnithe a athrú i ngeall ar shaoire agus cúinsí eile.

Fáilte roimh chách a bhfuil Gaeilge nó Béarla aige nó aici. Ní gá d’aíonna labhairt mura mian leo sin. Cead isteach saor in aisce.

Déan teagmháil le Maureen Delaney ag claddagh.toastmasters@gmail.com

www.toastmasters.org

Suíomh gréasáin an Chladaigh á fhorbairt
<http://claddagh.toastmasters.googlepages.com>

Dátaí cruinnithe an Chladaigh do 2008

Iúil 3 & 17

Lúnasa 7 le cinntiú

Meán Fómhair 4 is 18

Deireadh Fómhair 2 is 16 is 30.

Samhain 6 is 20

Nollaig 4 is 18

Máistrí Sláintí

Oifigigh an chlub a toghadh don tréimhse

1 Iúil 2008 go 30 Meitheamh 2009

Uachtarán - President: Alfred Lowey-Ball

Leasuachtarán - Vice President
Education: Khushboo Garb

Leasuachtarán Ballraíochta - Vice
President Membership: Maureen Delaney

Leasuachtarán Caidrimh Phoiblí - Vice
President Public Relations: Cora de Paor

Cisteoir - Treasurer: Suzanne O Riain

Rúnaí - Secretary: Saskia van Oldenborgh

An tOifigeach Teanga agus Cultúir -
Irish Language Cultural Officer: Valerie Ní Fhlaithearta

Sáirsint Eagair - Sergeant at Arms:
Sean Murphy

Oifigeach Gréasáin - Web Officer : Pau Rey

Meantóir - Mentor: Denis J. Buckley
An tUachtarán atá díreach tar éis eirí as oifig -

Immediate Past President: - Sean O Riain

Imeachtaí Gaeilge sa Bhruiséil(Dréacht) Meitheamh – Samhain 2008

Nóta – Beidh imeachtaí Gaeilge eile ar siúl i rith an ama seo.

Tuilleadh eolais – Seol r-phoist chuig pobal.gaeilge@gmail.com. Sa líne thagartha scríobh ‘Imeachtaí’.



Valerie Ní Fhlaithearta

“An Ghaeilge faoi lánseol agus Valerie Ní Fhlaithearta ar an stiúir!”

Valerie Ní Fhlaithearta ar bord an “David Kirkaldy” Bád Tarrthála INRBT (RNLI Life Boat). Bád tarrthála uile-aimsire de chuid aicme *Severn* is ea an David Kirkaldy a bhfuil Cill Rónáin in Árann mar bhunáit aige.

2 Iúil 2008	Béile agus Gaeilge Ar an gCéadaoin, má tá sibh ar ais agus go bhfuil Gaeilge agus béile ag teastáil	20.00- 22.00 Beimid ag teacht le chéile sa Fontaine: Rue Archimèdes in aice le Metro Schuman.
15 Iúil 2008	Ciorcal Comhrá Teacht le chéile neamhfhoirmiúil le Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh.	18.00 -20.00 Láthair – fós le dearbhú
1 Lúnasa 2008	Lá Lúnasa Fáiltiú Anam Beo Ceoil, Caint agus Craic	20.30 – 23.30 Do dhaoine fásta Láthair – fós le dearbhú
3 Lúnasa 2008	Picnic Gaeilge don chlann	14.00 – 16.00 Láthair – fós le dearbhú
15 Lúnasa 2008	Ciorcal Comhrá	18.00 – 20.00 Láthair – fós le dearbhú
15 Meán Fómhair 2008	Ciorcal Comhrá	18.30 – 20.30 Láthair – fós le dearbhú
20 Meán Fómhair 2008	‘ Súil ar an mBruiséil ’ – Anderlecht Cuairt ar Eaglais Naomh Peadar agus Guidon, <i>Maison d’Erasmus</i> agus an <i>Beigiunage</i> , Críochnú suas in <i>Brasserie Cantillon</i>	13.30 – 17.00 Treoir, eolas agus beoir i nGaeilge Láthair teacht le chéile – fós le dearbhú
1 Deireadh Fómhair 2008	Ciorcal Comhrá	18.00 -20.00 Láthair – fós le dearbhú
31 Deireadh Fómhair 2008	Oíche Shamhna Traidisiúnta Cluichí traidisiúnta agus duaiseanna don té is fearr gléasta Ceol agus duaiseanna don té is fearr gléasta	17.00 – 19.00 Do phaistí 21.00 – 23.30 Do dhaoine fásta Láthair – fós le dearbhú
12 Samhain 2008	Tráth na gCeist	20.00 – 22.30 Láthair – fós le dearbhú